Comhthéacs 2 – Áiseanna Teagaisc – Aistriúchán G-B

An Timpeallacht

Aistrigh an sliocht seo a leanas go Béarla

Ní féidir a shéanadh go gcuirtear an-bhéim ar chúrsaí timpeallachta sa lá atá inniu ann. Is minic a chluintear go bhfuil damáiste nach beag á dhéanamh don chomhshaol ar bhonn laethúil.

Foinsí fuinnimh, athchúrsáil, an chiseal ózóin agus téamh domhanda. Is dócha nár chuala daoine a leithéid blianta ó shin. Níl aon dabht, áfach ach go bhfuil athrú scéil ann i sochaí an lae inniu.

Is tearc lá a théann thart gan scéal nuachta de chineál éigin ar an ábhar agus comhairle á tabhairt dúinn maidir leis an timpeallacht a chaomhnú. Is cinnte go mbíonn ról ag gach duine againn ó thaobh na timpeallachta de.

Ba chóir dúinn gan ár gcuid bruscair a chaitheamh ar an talamh. Tá sé tábhachtach bruscar amhail páipéar, buidéil phlaisteacha agus cairtchlár a athchúrsáil go rialta. Lena chois sin, ba chóir dúinn málaí plaisteacha a athúsáid agus muid ag siopadóireacht.

Is cinnte go mbíonn ról lárnach ag an rialtas maidir leis na fadhbanna seo. Feictear boscaí bruscair ar na sráideanna sa tuaisceart. Bíonn boscaí athchúrsála in úsáid ag gach teaghlach anois agus gearradh cáin 5p ar na málaí plaisteacha ar na mallaibh.

Sílim go gcuidíonn na hiarrachtaí seo go mór leis an timpeallacht. Tá sé tábhachtach go ndéanann gach duine a dhícheall lena chinntiú nach dtéann an domhan chun donais. Níl an locht ar an rialtas amháin, caithfimid uile dul i ngleic leis an fhadhb sula dtéann sí ó smacht.